

GÁIR an CHLÁIR

Eagrán 4: Samhradh 2026

Eagarfhocal

Fáile romhaibh go dtí eagrán nua de Gháir an Chláir.

Táimid in am an-spéisiúil don teanga faoi láthair, agus tá an-chuid fuinnimh agus forbairt le feiceáil timpeall na tíre, ar fud an domhain, agus go deimhin, anseo i gContae an Chláir féin.

Tá Líonra na hInse ag dul ó neart go neart, agus tá forbairtí móra ar bun sa réimse seo. Is iontach an rud é an fás atá ag teacht ar an bpobal Gaeilge agus na deiseanna nua atá á gcruthú chun an Ghaeilge a úsáid agus a cheiliúradh.

San eagrán seo, tabharfaimid léargas daoibh ar chuid de na daoine agus na tionscnaimh atá ag cur na Gaeilge chun cinn ar fud an chontae, chomh maith le roinnt deiseanna chun páirt a ghlacadh, bualadh le daoine eile agus, ar ndóigh, níos mó Gaeilge a úsáid.

Bígí páirteach sna himeachtaí, bainigí úsáid as bhur gcuid Gaeilge, agus bígí linn agus muid ag leanúint ar aghaidh ag cur na Gaeilge chun cinn i gContae an Chláir.

Le meas oraibh,

Dónal Ó hAiniféin
Cathaoirleach An Clár as Gaeilge



San Mór-Eagrán seo:

Nuacht

Lch 2: Ciorcal Comhrá sa Chlár & Ár bhFoireann

Lch 3: Mórsheoladh Inis Dom!

Lch 4: Ócáid Eolais le Cynthia Ní Mhurchú, MEP

Lch 5: Méabh Ní Aoláin - Rós an Chláir

Cad atá ar siúl sa Chlár?

Lch 6: Sionna

Lch 7: Cill Iníne Baoith & an Scairbh

Lch 8: Cill Rois, Sráid na Cathrach & Inis Díomáin

Imeachtaí le Déanaí

Lch 8: Cúl Chaint

Lch 9: Campaí Samhraidh

Lch 10: Glúin Nua na Gaeilge

Lch 11: Ranganna Gaeilge

Imeachtaí le Teach

Lch 12: Club Gaelach na hInse

Lch 13: Féile na hInse

Lch 14: Féile Scoildrámaíochta

Lch 15: Cluichí

www.anclarasgaeilge.net



anclarasgaeilge@gmail.com



065-6864474



@anclarasgaeilge



@anclarasgaeilge



@anclarasgaeilge



Líonra na hInse

GÁIR an CHLÁIR



Eagrán 4: Samhradh 2026

Ciorcal Comhrá sa Chlár

Spás cainte agus cairdis i gCo. an Chláir.

An bhfuil fonn ort do chuid Gaeilge a úsáid ar mhodh nádúrtha, neamhfhoirmiúil? Bí páirteach i gciorcal comhrá!

Bíonn na ciorcail ar siúl chuile seachtain ar fud an chontae, le réimse leathan suíomhanna agus laethanta. Ná bíodh drogall ort bualadh isteach - is deis álainn í seo chun do mhuinín a neartú, cairde nua a dhéanamh, comhrá bríomhar a chleachtadh, agus snas breise a chur ar do chuid Gaeilge i dtimpeallacht chairdiúil, neamhfhoirmiúil. Tá fáilte roimh gach leibhéal líofachta - ó thosaítheoirí go cainteoirí líofa. Féach an amchlár thuas agus aimsigh ciorcal in aice leatsa anois!

Ciorcail Chomhrá an Chláir!



Dé Luain ... 11:00 ... Copper Jug
Dé Máirt ... 11:00 ... Zest
Dé hAoine ... 11:00 ... Market Bar
Dé Sathairn ... 11:00 ... Glór

Inis

Luan - 20:00 - **Durty Nelly's, Bun Raite**
Máirt - 13:00 - **An Gairdín, An Scairbh**
Céadaoin - 20:00 - **Buggles Bar, Cill Rois**
Céadaoin - 19:30 - **X-PO, Cill Iníne Baoith**
Aoine - 20:00 - **Cnoc na Gaoithe, an Tulach**
Satharn - 11:00 - **Ionad Poiblí Sráid na Cathrach**
Domhnach - 11:00 - **Skycourt, Sionna**

Ár bhFoireann



Leah Ní Thailtigh - Oifigeach Pleanála Teanga

Is í Leah Ní Thailtigh Oifigeach Pleanála Teanga le Líonra na hInse. Tá sí tiomanta do chur chun cinn na Gaeilge in áiteanna oibre agus pobail, ag tabhairt tacaíochta do ghnólachtaí agus eagraíochtaí le pleanáil agus forbairt teanga. Tá a cuid oibre dírithe ar mhúnlú timpeallacht ina bhfuil an Ghaeilge á labhairt agus á úsáid go laethúil.

Teresa Ní Riain - Oifigeach Riaracháin

Is í Teresa Ní Riain Oifigeach Riaracháin le Líonra na hInse. Tá sí ag obair chun tacú le heagraíochtaí agus pobail i gcur chun cinn na Gaeilge, ag cabhrú le tionscnaimh agus tionscadail a fhorbairt a chothaíonn úsáid na teanga i ngnóthaí agus i saol laethúil na bpobal.

Kaylin Ní Mhaolchathaigh - Cúntóir Oifige

Is í Kaylin Ní Mhaolchathaigh an Cúntóir Oifige le Líonra na hInse. Tá sí ag tabhairt tacaíocht luachmhar dúinn san oifig i rith an tsamhraidh agus táimid fíor-bhuíoch as an obair iontach atá á dhéanamh aici!



www.anclarasgaeilge.net



anclarasgaeilge@gmail.com



065-6864474



@anclarasgaeilge



@anclarasgaeilge



@anclarasgaeilge



Líonra na hInse

GÁIR an CHLÁIR



Eagrán 4: Samhradh 2026

SIOPADÓIREACTH AS GAELGE IN INIS

inis
dom!

SHOPPING AS GAELGE IN ENNIS

Mórsheoladh Inis Dom!

Bhí Mórsheoladh Inis Dom! (Siopadóireacht as Gaeilge in Inis) ar siúl i lár mhí Iúil, agus bhí an ócáid thar a bheith rathúil. Bhí seisear cainteoirí den scoth againn ar an oíche.

Chuir Leah Ní Thailtigh, Oifigeach Pleanála Teanga le Líonra na hInse, fáilte chroíúil roimh an slua sular chuir sí an cúigear cainteoirí eile in aithne don seomra: Domhnall Ó Loingsigh, rúnaí an Chláir as Gaeilge; Dónal Ó hAiniféin, cathaoirleach an Chláir as Gaeilge; Ruairí Henchy, Oifigeach Forbartha Gaeilge agus Oifigeach Cumarsáide le Comhairle Contae an Chláir; Tommy Guilfoyle, Méara na hInse; agus Méabh Ní Aoláin, Rós an Chláir 2026.

Léirigh na cainteoirí an meas agus an tábhacht a bhaineann leis an togra, agus roinn siad a dtacaíocht don tionscnamh leis an slua.



Tuilleadh
eolais!



www.anclarasgaeilge.net



anclarasgaeilge@gmail.com



065-6864474



@anclarasgaeilge



@anclarasgaeilge



@anclarasgaeilge



Líonra na hInse

3

GÁIR an CHLÁIR



Eagrán 4: Samhradh 2026



Mórsheoladh Inis Dom!

Oíche bhríomhar a bhí ann, le breis agus 60 duine i láthair, agus neart bia agus deoch ar fáil, chomh maith le ceol álainn traidisiúnta. Bhíomar thar a bheith sásta leis an tacaíocht a fuair an tionscnamh ó phobal na hInse, ó lucht gnó na hInse agus ó gach duine a ghlac páirt san ócáid.

Is iontach an rud é an díograis agus an tacaíocht atá léirithe don tionscnamh, agus táimid ag súil go mór le Inis Dom! a fhorbairt agus a neartú sna míonna amach romhainn.

Imeachtaí le Déanaí: Ócáid Eolais le Cynthia Ní Mhurchú, MEP



B'é ceann de na buaicphointí ba mhó d'fheachtas Inis Dom! nuair a thug Cynthia Ní Mhurchú, MEP, cuairt ar Inis chun rath agus dul chun cinn an tionscnaimh a phlé. Ba mhór an onóir í a bheith i láthair, mar thug a cuairt aitheantas náisiúnta don obair atá ar bun, léirigh sí tábhacht agus tionchar an tionscnaimh ar leibhéal níos leithne, agus chuir sí borradh suntasach faoin bhfeachtas agus faoin bpobal áitiúil.

Mar chuid den chuairt, reáchtáladh ócáid eolais san Old Ground a mheall freastal den scoth ó ghnólachtaí agus ón bpobal, agus a fuair clúdach suntasach sna meáin áitiúla. Léirigh an chuairt go bhfuil Inis Dom! anois mar shampla maith de chur chun cinn na Gaeilge trí obair le chéile idir an pobal agus ghnólachtaí áitiúla.



Ó chlér: Caitlín Ní Mhaoldomhnaigh, Dónal Ó hAiniféin, Teresa Ní Riain, Cynthia Ní Mhurchú, Leah Ní Thailtigh, Pat Daly

www.anclarasgaeilge.net



anclarasgaeilge@gmail.com



065-6864474



@anclarasgaeilge



@anclarasgaeilge



@anclarasgaeilge



Líonra na hInse

GÁIR an CHLÁIR



Eagrán 4: Samhradh 2026

Méabh Ní Aoláin - Rós an Chláir

Táimid an-sásta tacaíocht a fháil dár dtogra Inis Dom! ó Mhéabh Ní Aoláin, Rós an Chláir 2026.



Seoladh feachtas físe Inis Dom! le Méabh i mí Iúil, i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae an Chláir, agus bhí an-rath air. Cuireadh cúig fhíseán amach i gcúig ghnólacht éagsúla atá páirteach sa togra.

Labhair muid le Nicola ó Clare Fruit & Veg, le Chiara ó Seoidín, le Feargal ó Siopa Leabhar na hInse, le John ó Siopa Ceoil Custy agus le Olivia ó The Health Connection. Thug gach duine acu léargas ar a ngnólacht agus ar an ról atá ag an nGaeilge ina gcuid oibre.

Tá na físeáin le feiceáil ar leathanaigh Instagram An Clár as Gaeilge, Comhairle Contae an Chláir, agus Rós an Chláir (@clareroseoftralee).

Táimid fíorbhuíoch as an tacaíocht atá léirithe ag Méabh d'fheachtas Inis Dom!, agus guímid gach rath uirthi i gcomórtas Rós Thrá Lí i mí Lúnasa!



www.anclarasgaeilge.net



anclarasgaeilge@gmail.com

065-6864474

@anclarasgaeilge

@anclarasgaeilge

@anclarasgaeilge



Líonra na hInse

GÁIR an CHLÁIR



Eagrán 4: Samhradh 2026



Cad atá ar siúl sa Chlár?

Sionna: Oscailt Leabharlann Sheáin Uí Nuanáin

I mí an Mheithimh, rinneadh ceiliúradh ar ócáid speisialta i nGaelscoil Donncha Rua nuair a oscailodh Leabharlann Sheáin Uí Nuanáin go hoifigiúil.

Cuireadh tús leis an lá le ceardlann scríbhneoireachta do dhaltaí na scoile, faoi stiúir Laura Keohane, údar *The Secret of the Selkies* as Sionainn. Bhain na páistí an-sult as an gceardlann agus as an deis a gcuid samhlaíochta agus cruthaitheachta a úsáid.



Ina dhiaidh sin, tháinig tuismitheoirí, cairde agus baill de phobal na scoile le chéile chun 12 dalta ó Ghaelscoil Donncha Rua a cheiliúradh, a bhuaigh duaiseanna i gComórtas Aistí Ionad Oideachais an Chláir. Comhghairdeas mór leo go léir!

Bhí ceol agus amhránaíocht ón gcór scoile, faoi stiúir Múinteoir Geraldine, mar chuid den cheiliúradh freisin.

Mar chríoch speisialta leis an ócáid, ghearr Seán Ó Nuanáin, duine de bhunaitheoirí na scoile i 1984, an ribín dearg chun an leabharlann a oscailt go hoifigiúil.

Is áis iontach í an leabharlann nua do phobal na scoile, agus is bealach álainn é ainm Sheáin Uí Nuanáin a thabhairt ar an spás chun an méid a rinne sé do Ghaelscoil Donncha Rua a chomórath.



www.anclarasgaeilge.net

anclarasgaeilge@gmail.com

065-6864474



@anclarasgaeilge

@anclarasgaeilge



@anclarasgaeilge



Líonra na hInse

GÁIR an CHLÁIR



Eagrán 4: Samhradh 2026



Cad atá ar siúl sa Chlár?

Cill Iníne Baoith

Tá Ciorcal Comhrá Chill Iníne Baoith lonnaithe le fada san X-PO, foirgneamh de chuid Phobail Chill Iníne Baoith ina mbíonn réimse leathan gníomhaíochtaí cultúrtha ar siúl.

Tagann an ciorcal le chéile gach Céadaoin ag 7:30 i.n. chun Gaeilge a labhairt i dtimpeallacht chairdiúil thacúil. Tá fás suntasach tagtha air le blianta beaga anuas, agus tá an bhéim ar an teanga a úsáid go rialta agus ar líofacht a chothú.

Bíonn aoichainteoirí speisialta, siúlóidí trí mheán na Gaeilge sa Bhoireann, agus gníomhaíochtaí cultúrtha eile ar siúl ó am go ham. Tá ceangal láidir ag an ngrúpa le hInis Oírr agus tugtar cuairt ar an oileán de ghnáth ag deireadh gach bliana.

Tuilleadh eolais:

Mick O'Riordan

087 2162351

jcspmack@gmail.com



An Scairbh

Tá Craobh Chonradh na Gaeilge sa Scairbh an-ghníomhach faoi láthair, le réimse leathan imeachtaí Gaeilge á gcur ar fáil don phobal.

Bíonn ciorcal comhrá ar siúl gach Máirt ag 1.00 i.n. i gCafé an Ghairdín, deis iontach chun Gaeilge a chleachtadh i suíomh cairdiúil neamhfhoirmiúil. Reáchtáiltear Preab-Ghaeltacht mhíosúil chomh maith, agus tá ranganna Gaeilge ar fáil i Leabharlann Edna O'Brien.

Tá fáilte roimh chách páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí. Má tá tuilleadh eolais uait faoi Chraobh na Scairbhe, tá grúpa WhatsApp acu. Déan teagmháil le Bernadette Watson ag trasna20@gmail.com.



Ranganna **GAEILGE**



www.anclarasgaeilge.net

anclarasgaeilge@gmail.com

065-6864474

@anclarasgaeilge

@anclarasgaeilge


@anclarasgaeilge

Líonra na hInse

GÁIR an CHLÁIR



Eagrán 4: Samhradh 2026



Cad atá ar siúl sa Chlár?

Cill Rois:

Buaileann grúpa le chéile gach Céadaoin i mBuggles Bar ag 8:00 i.n. Tá dara grúpa ag feidhmiú chomh maith, a bhuaileann le chéile sa leabharlann gach maidin Dé Máirt ag 11.30 r.n.

Sráid na Cathrach:

Bíonn ciorcal comhrá ar siúl i Sráid na Cathrach gach Dé Sathairn san Ionad Pobail – fáilte roimh chách!

Inis Díomáin:

Bíonn Ranganna Comhrá ar siúl gach Céadaoin ag 6 a chlog san FRC (Family Resource Centre) ar Shráid Phairlimint. Beidh fáilte roimh chách a bhfuil suim acu a gcuid Gaeilge a chleachtadh i dtimpeallacht chairdiúil agus neamhfhoirmiúil.



Imeachtaí le Déanaí: Cúl Chaint

Is é Domhnall Ó Loingsigh, rúnaí An Clár as Gaeilge, a bhíonn i mbun an chlár raidió 'Cúl Chaint' gach maidin Dé Sathairn ag a 9 a chlog ar Clare FM. Sa chlár seo, pléitear na cinnlínte nuachta, imeachtaí áitiúla agus forbairtí pobail trí mheán na Gaeilge, rud a chuireann go mór le saol cultúrtha agus teanga Chontae an Chláir.



Cuirtear an Ghaeilge i láthair mar theanga nádúrtha chumarsáide – beo, ábhartha agus tarraingteach. Más maith leat bheith ar an eolas, do chuid Gaeilge a chleachtadh, nó díreach taitneamh a bhaint as comhrá maith i nGaeilge, bí ag éisteacht le 'Cúl Chaint' gach Satharn ar Clare FM ag 9 r.n. – ní bheidh díomá ort!

www.anclarasgaeilge.net

anclarasgaeilge@gmail.com

065-6864474

@anclarasgaeilge

Líonra na hInse

@anclarasgaeilge

@anclarasgaeilge

GÁIR an CHLÁIR



Eagrán 4: Samhradh 2026



Imeachtaí le Déanaí: Campaí samhraidh

D'fhill Campaí Samhraidh trí Ghaeilge ar Inis i mbliana, ag tairiscint clár bríomhar lán le gníomhaíochtaí spraiúla, oideachasúla agus cruthaitheacha do leanaí bunscoile. Bhí na campaí ar siúl i nGaelscoil Mhíchíl Cíosóg agus i nGaelcholáiste an Chláir i rith mhí an Mheithimh agus mhí Iúil, agus bhí an-spraoi i gceist leo.

Tá na campaí dírithe ar thumadh nádúrtha sa Ghaeilge trí mheán spóirt, ceardaíochta, cluichí agus gníomhaíochtaí eile a spreagann foghlaim agus cumarsáid i suíomh dearfach agus tacúil.

Bígí linn an samhradh seo chugainn don spraoi agus don Ghaeilge!



Campaí samhraidh trí Ghaeilge



www.anclarasgaeilge.net



anclarasgaeilge@gmail.com

065-6864474

@anclarasgaeilge

@anclarasgaeilge

@anclarasgaeilge



Líonra na hInse

GÁIR an CHLÁIR



Eagrán 4: Samhradh 2026

Imeachtaí le Déanaí: Glúin Nua na Gaeilge

Cruthaíodh grúpa Glúin Nua na Gaeilge chun bearna shoiléir a líonadh i saol sóisialta na ndaoine óga le Gaeilge – idir dhaoine a chríochnaigh an mheánscoil, atá sa choláiste nó ina 20idí. Tá sé mar aidhm againn spás neamhfhoirmiúil, spreagúil a chruthú do dhaoine óga chun an Ghaeilge a úsáid go nádúrtha agus go sóisialta.

Tá 50 duine againn i gclár WhatsApp na coiste, agus tá an grúpa thar a bheith rathúil. Táimid ag tnúth go mór le leanúint ar aghaidh leis i mbliana, ag spreagadh tuilleadh idirghníomhaíochta, páirt ghníomhach, agus forbairt na Gaeilge i measc an phobail.

Bhí roinnt imeachtaí againn le déanaí, Leaisteanna Léasair, Oíche Cré & Craic agus Oíche Péint & Pinot ina measc. Coinnigh súil ar na meáin shóisialta le tuilleadh eolais a fháil ar imeachtaí atá le teacht!

Péint & Pinot



Cré & Craic



www.anclarasgaeilge.net



anclarasgaeilge@gmail.com

065-6864474

@anclarasgaeilge

@anclarasgaeilge

@anclarasgaeilge



Líonra na hInse

10

GÁIR an CHLÁIR



Eagrán 4: Samhradh 2026

Imeachtaí le Teach: Ranganna Gaeilge

Bhí rath iontach ar ár ranganna Gaeilge i mbliana, le breis agus 70 duine cláraithe! Bhí ceithre leibhéal ar fáil – rang do thosaitheoirí, rang d'fheabhsaitheoirí, rang ardleibhéil, agus ranganna speisialta do scoláirí na hArdteiste.

I mbliana, eagraíodh rang speisialta ar chostas laghdaithe de €30 do scoláirí a bhí ag ullmhú don Scrúdú Béal Ardteiste. Bhí an rang seo thar a bheith tairbheach do dhaltai a bhí ag iarraidh feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge labhartha agus níos mó muiníne a fháil roimh an scrúdú.

Tosóidh na Ranganna Gaeilge arís i mí Mheán Fómhair le ceathrar múinteoirí den scoth – má tá suim agat sna ranganna, tá tuilleadh sonraí le fáil ar ár suíomh, nó is féidir leat an nasc QR thall a scanáil chun tú féin a chlárú. Is féidir clárú ar an oíche chomh maith. Tá na leibhéil solúbtha, agus is féidir bogadh ó leibhéal amháin go leibhéal eile ag brath ar do líofacht agus ar do dhul chun cinn.

Ná caill an deis seo do chuid Gaeilge a fheabhsú i dtimpeallacht chairdiúil agus thacúil!

Ranganna GAEILGE In Inis
Special Irish Classes
For Leaving Certificate students, in Ennis!

Tuisctint
comprehension
Léitheoireacht
reading
Comhrá
conversation
Líofacht
fluency

€30 course
€3 per class

Register Now!
more info @ 065-6864474
anclarasgaeilge@gmail.com

ins dom!

Ranganna GAEILGE In Inis
Irish Classes In Ennis

Cois na hAbhna (V95 V020)
Monday Nights
7:00 - 8:00 pm
3 leibhéal áagsúla le múinteoirí ardchálaithe
Starting September 21st


10 week course

Special oral class for Leaving Cert students
Registration at 6:30 pm

€60

more info @ 065-6864474
anclarasgaeilge@gmail.com

Conradh Register Now!



cláraigí!



www.anclarasgaeilge.net



anclarasgaeilge@gmail.com

065-6864474

@anclarasgaeilge

@anclarasgaeilge

@anclarasgaeilge



Líonra na hInse

11

GÁIR an CHLÁIR



Eagrán 4: Samhradh 2026



Cadhcáil i mBaile Eala

Imeachtaí le Teach: Club Gaelach na hInse

Tá Club Gaelach na hInse ar lánluas i mbliana! Ó thús na bliana, tá neart imeachtaí déanta ag an gclub: babhláil sa Planet, dioscó don Lá Fhéile Vailintín, agus ní turas amháin ach trí thuras go Gaillimh! Bhuaíl siad le Club Gaelach na Gaillimhe ar cheann acu, bhain siad sult agus spraoi amach ag PureSkill ar an gceann eile, agus bhreathnaigh siad ar an ndrámá 'Saoirse' sa Thaibhdhearc ar an gceann is déanaí. Chomh maith leis sin, chuir siad tús bríomhar leis an samhradh le cadhcáil i mBaile Eala agus le surfáil sa Leacht!

Is grúpa bríomhar, cairdiúil agus fuinniúil é Club Gaelach na hInse, oscailte do pháistí ó Rang 6 go dtí an dara bliain. Tagaimid le chéile gach dara Satharn chun an Ghaeilge a chleachtadh ar bhealach nádúrtha, neamhfhoirmiúil, agus thar aon rud eile, spráíúil! Mar sin, ná caillig amach air!

Bígí cinnte bhur bpáistí a chlárú don téarma nua a thosóidh i mí Mheán Fómhair.

Bígí linn don spraoi, don chairdeas, agus don Ghaeilge!



Surfáil sa Leacht

www.anclarasgaeilge.net

anclarasgaeilge@gmail.com

065-6864474

@anclarasgaeilge

@anclarasgaeilge

@anclarasgaeilge



Líonra na hInse

12

GÁIR an CHLÁIR



Eagrán 4: Samhradh 2026



Imeachtaí le Teach: Féile na hInse

Le linn na féile, cuirtear réimse leathan gníomhaíochtaí ar siúl, ó aithriseoireacht agus agallaimh bheirte go scéalaíocht, amhránaíocht agus dreas cainte, a léiríonn beocht agus brí na dtaibhealaíon traidisiúnta agus comhaimseartha Gaeilge.

Cuirtear an Ghaeilge i gcroílár an imeachta, rud atá riachtanach de réir na gcritéir, agus tugtar deis do rannpháirtithe óga agus fásta araon iad féin a chur in iúl go cruthaitheach trí mheán na teanga. Trí na comórtais agus na hócáidí éagsúlacha, cothaítear forbairt phearsanta agus scileanna cumarsáide na rannpháirtithe, agus cuirtear ardán poiblí ar fáil d'ealaíontóirí agus do chleachtóirí nua agus aitheanta araon.

Freastalaíonn an fhéile ar phobal leathan i gCo. an Chláir agus níos faide i gcéin, rud a chuireann go mór le rannpháirtíocht sna taibhealaíona Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht. Spreagann sí lucht féachana níos leithne le freastal ar imeachtaí Gaeilge, agus tugann sí deis do dhaoine ó chúlraí éagsúla teacht le chéile agus taitneamh a bhaint as taibhealaíona ardchaighdeán.

Tá comhpháirtíochtaí lárnacha don tionscadal, idir scoileanna áitiúla, ionaid ealaíon mar Chois na hAbhna agus Gaelcholáiste an Chláir, chomh maith le heagraíochtaí Gaeilge amhail An Clár as Gaeilge agus Conradh na Gaeilge.

Neartaíonn na comhpháirtíochtaí seo líonraí idir ealaíontóirí, múinteoirí, grúpaí pobail agus an pobal i gcoitinne. Tugann Féile na hInse tacaíocht don traidisiún, ardán cruthaitheach d'ealaíontóirí, agus cothaíonn sé rannpháirteachas bríomhar sa Ghaeilge i bpobal neamh-Ghaeltachta.



Foinsí Féile na hInse



www.anclarasgaeilge.net



anclarasgaeilge@gmail.com

065-6864474

@anclarasgaeilge



@anclarasgaeilge



@anclarasgaeilge



Líonra na hInse

13

GÁIR an CHLÁIR



Eagrán 4: Samhradh 2026



Imeachtaí le Teach: Féile Scoil Drámaíochta



Eagraítear Féile Scoil Drámaíochta ar bhonn áitiúil, cúige agus náisiúnta, rud a thugann deis do scoláirí ó gach cearn den tír páirt dhíreach a ghlacadh sa drámaíocht trí Ghaeilge. Cuireann siad go mór le féinmhuinín, le scileanna cainte, le forbairt na Gaeilge labhartha agus le comhoibriú idir daltaí.



Beidh an fhéile áitiúil ar siúl i nGlór, Inis, i mí Feabhra, agus Féile na Mumhan i mí Márta, sa suíomh céanna. Téann buaiteoirí na féile áitiúla ar aghaidh chuig an bhféile chúige, agus ansin chuig an bhféile náisiúnta i Muileann gCearr ag deireadh mhí Aibreáin.

Ceardlann Drámaíochta

Beidh ceardlann phraiticiúil drámaíochta le Diarmuid de Faoite ar siúl Dé Céadaoin, an 30 Meán Fómhair, agus Déardaoin, an 1 Deireadh Fómhair, i gCois na hAbhna. Beidh an cheardlann seo oiriúnach do mhúinteoirí nach bhfuil dráma léirithe acu cheana, chomh maith le múinteoirí a bhfuil blianta taithí acu. Tá an cheardlann seo saor in aisce, agus gheobhaidh gach rannpháirtí cóip den leabhrán **Ó Scéal go Stáitse** agus den leabhrán **Cnuasach Drámaí**.

Is féidir clárú leis an nasc thall, nó tabhair cuairt ar shuíomh an Chláir as Gaeilge chun tuilleadh eolais a fháil.



cláraigh!

Scaipigí an scéal agus bígí linn!



www.anclarasgaeilge.net



anclarasgaeilge@gmail.com



065-6864474



@anclarasgaeilge



@anclarasgaeilge



@anclarasgaeilge



Líonra na hInse

GÁIR an CHLÁIR



Eagrán 4: Samhradh 2026

Cros fhocal!




TRASNA

1. An t-aer éalaithe ón bhonn? Tá sé ...
3. Ceangail, go háirithe i slabhra.
5. Análaimid é, tá sé dofheicthe ach timpeall orainn i gcónaí.
6. Faightear iad seo ar chairr, ar dhoirse, ar ghutháin srl.
8. Cosúil le mála nó bosca déanta as craobhacha sáile.
9. Íosa, Mac Dé.
12. Gníomh iontach a dhéanann draoi.
13. Gléasanna taistil ar dhá roth, is maith le mic léinn iad.
15. Fuaim phort ceoil, fonn.

SÍOS

2. Lastar é seo le seomra fuar a théamh.
4. Bealach iontrála/imeachta as seomra.
7. Ionad beag iniompraithe as a dtugtar eolas mar shampla.
10. Deirtear gurb fhearr Gaeilge bhriste ná Béarla ...
11. Thiar, deirtear ... i mBaile Átha Cliath.
14. Áit íseal agus gur féidir leat dul trasna abhainn.
16. Obair lia, ag dul faoi scian mar shampla.
17. An t-am sin ag deireadh na hoíche agus tús an lae.



SEANFHOCAL *Na Seachtaine*



'Is dána
gach
madra i
ndoras a
thí féin'

www.anclarasgaeilge.net



anclarasgaeilge@gmail.com



065-6864474



@anclarasgaeilge



@anclarasgaeilge



@anclarasgaeilge



Líonra na hInse

15

GÁIR an CHLÁIR



Eagrán 4: Samhradh 2026

PIOC AMACH

na
difríochtaí!



7

difríocht le
aimsíú!



www.anclarasgaeilge.net



anclarasgaeilge@gmail.com



065-6864474



@anclarasgaeilge



@anclarasgaeilge



@anclarasgaeilge



Lónra na hInse

16